# CASFHOCAIL

Is é is casfhocal ann ná abairt nó sraith focal atá an-deacair a rá os ard (go háirithe má tá tú ag iarraidh é a rá go tapa!). Is féidir casfhocail a úsáid mar bhealach spraíúil chun fuaimniú a chleachtadh nuair atá teanga nua á foghlaim agat.

Seo casfhocal in Amáiris, ceann de na teangacha is mó a labhraítear san Aetóip:

**Be bug bate, bug geba.**

Ciallaíonn sé, 'i dteach na gcaorach, téann na caoirigh isteach.' Bí ag féachaint ar an bhfíseán seo chun a fhoghlaim conas é a fhuaimniú. Bain triail as tú féin anois! Cé mhéad uair is féidir leat 'Be bug bate, bug geba' a rá?

Tá casfhocail againn i nGaeilge freisin! Féach cé mhéad uair a éiríonn leat na cinn seo a leanas a rá:

GAEILGE: Seacht sicín ina seasamh sa sneachta lá seaca.



GAEILGE: Cheannaigh cailín cliste ceanúil císte.



Déan tú féin a fhísiú/a thaifeadadh ag iarraidh na casfhocail sin a fhuaimniú, nó cum do chasfhocal féin i nGaeilge nó i dteanga eile! Seol chugainn iad ar na meáin shóisialta nó i ríomhphost agus b'fhéidir go bhfaighfeá deis le bheith inár n-iris ar líne do pháistí, Global Go Getters. Is féidir leat do ríomhphost a sheoladh chuig:

**ourworld@realnation.ie**